



Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2018

Irish

Assessment Unit A2 2
(Section A)

assessing

Listening

[AIR21]

THURSDAY 31 MAY, AFTERNOON

TRANSCRIPT

GCE Recording Instructions

□ Indicates track break

Each piece heard once only

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1

Bhí an-bhrón ar fad ar mhuintir Ghaoth Dobhair agus go deimhin ar dhaoine ar fud na tíre nuair a chuala siad faoi bhás Leo Brennan. Bhí Leo deich mbliana agus ceithre scór d'aois nuair a fuair sé bás. Maireann a bhean agus naonúr clainne. Dúirt urlabhraí thar ceann na clainne go raibh siad uilig taobh leis nuair a fuair sé bás.

D'eisigh a iníon, Moya, ráiteas ar na meáin shóisialta. Dúirt sí go gcronódh siad go mór é ach gurbh iontach an saol a bhí aige.

Chaith Leo bunús a shaoil ag seinm ar an bhosca ceoil agus ar an saccsafón. Bhí sé ina bhall de ghrúpa ceoil damhsa fosta.

Sa bhliain naoi déag seasca a hocht bhunaigh sé Tábhairne Leo i Mín na Leice atá ag dul go fóill. Mheall Tábhairne Leo ceoltóirí cáiliúla as gach cearn den tír agus is iomaí seisiún ceoil a sheinn siad ann. Tá grianghraif ar na ballaí de chuid de na ceoltóirí cáiliúla a thug cuairt ar an áit. Is minic a thug tuismitheoirí a raibh páistí acu ar chúrsaí Gaeltachta sa cheantar cuairt ar Thábhairne Leo fosta. Má shíl Leo go raibh bua an cheoil ag an tuismitheoir nó go deimhin ag an pháiste, chuir sé cuireadh orthu teacht aníos ar an ardán. Bhí Leo iontach flaithiúil lena chuid ama agus lena chuid ceoil.

Bhí aithne mhaith ag Cathal Póirtéir, scríbhneoir agus láithreoir le RTÉ, ar Leo. Dúirt Cathal gur fear iontach cineálta a bhí ann agus go mbíodh i gcónaí aoibh ar a aghaidh. Mheall Tábhairne Leo turasóirí as Meiriceá, as an tSín, as an Ghearmáin chomh maith le turasóirí as an tír seo.

Is mór an chailliúint é Leo dá chlann, do phobal na Gaeilge agus do phobal an cheoil. Ar dheis Dé go raibh a anam uasal.

Adapted from Enya and Clannad mourn the death of father Leo. Published by RTÉ, 24 June 2016. © RTÉ

- B.* 'Dia duit, a Pheadair, agus cuirim fearadh na fáilte romhat chuig an agallamh seo. Is mise Síle Ní Chiaráin agus is mise bainisteoir na bialainne. Anois tá mé ag dul a chur roinnt ceisteanna ort. Ar dtús, a Pheadair, cad é mar a chuala tú faoin phost seo?'
- P.* 'Dia is Muire duit, a Shíle, chonaic mé an fógra ar shuíomh idirlín an tsiopa an tseachtain seo caite agus chuir mé suim ann láithreach.'
- B.* 'An bhfuil taithí ar bith agat ag obair i mbialann, a Pheadair?'
- P.* 'Tá, cinnte. Bhí mé ag obair i mbeár m'uncaíl i mBostún i rith an tsamhraidh agus thaitin an obair go mór liom. Tá idir bheár agus bhialann aige.'
- B.* 'Go maith, a Pheadair. Anois inis dom fút féin le do thoil.'
- P.* Is scoláire Ardleibhéil mé agus tá mé ag brath dul ar ollscoil an bhliain seo chugainn. Má dhéanaim mo dhícheall, tá seans maith agam cúrsa sa teicneolaíocht a dhéanamh.'
- B.* Cad é mar atá ag éirí leat faoi láthair, a Pheadair?
- P.* Tá gráid mhaithe agam ag AS agus fuair mé an marc is airde sa tír sa teicneolaíocht don obair chúrsa. D'fhorbair mé aip don ghuthán chliste a ligean do dhaoine ordú a chur isteach don bhia sa bhialann sula bhfágann siad an teach. Chuir comhlachtaí móra suim sa táirge.
- B.* 'Tá sé sin ar dóigh, a Pheadair. Dá mbeadh ort cur síos a dhéanamh ort féin, cad é a déarfá?'
- P.* 'Deir mo mhúinteoirí uilig go bhfuil mé díograiseach agus uailmhianach agus d'aontóinn leo. Is cuma cad é atá mé a dhéanamh, déanaim mo sheacht ndícheall i gcónaí. Is ball mé den chumann snámha ar an bhaile agus bhain mé comórtas céad méadar ar na mallaibh. Bíim ag traenáil trí mhaidin sa tseachtain agus is é an bang brollaigh an bang is láidre agam. Má éiríonn liom an post a fháil déanfaidh mé mo sheacht ndícheall sa phost fosta.'
- B.* 'Go raibh maith agat as teacht, a Pheadair. Tá beirt eile le dul faoi agallamh agus beidh mé i dteagmháil leat bealach amháin nó bealach eile roimh an Aoine.'

This is the end of the recording.